Sraith 8

Comhoibriú an Phobail



Moladh:
Tabhair ainmneacha ar na daoine agus ar an mbaile sna pictiúir.

Sampla *(Tá ábhar breise in iodálaigh)*

1 Bhi Áine agus Nuala amuigh sa tsráid i mBaile Rua. Bhí an tsráid salach agus bhí **bruscar** i ngach áit. *B'uafásach an radharc é.* **Bheartaigh siad** ar rud a dhéanamh faoin scéal.

2 Bhí **cruinniú** ag pobal An Bhaile Rua. Thuig na daoine go raibh **an timpeallacht** tábhachtach. Bheartaigh siad feabhas a chur ar shaol sóisialta an bhaile. Bhí siad chun **glantachán** a chur ar bun. *Bhí géarghá* leis.

3 Amach leis na daoine ag an deireadh seachtaine. Bhailigh siad suas an bruscar go léir agus

ghlan siad an tsráid. Thuig siad nach neart go cur le chéile. *Bhí tús maith déanta acu.*

4 **D'eagraigh siad** rudaí eile freisin: chabhraigh siad leis na **seanóirí** agus chabhraigh na Gardaí leo chun **Pobal ar Aire** a chur ar bun.

5 Bhí ranganna oíche acu. Sna ranganna sin d'fhoghlaim na daoine cócaireacht, **cóiriú bláthanna** agus **ríomhaireacht**. *Bhí an-rath ar na ranganna sin.*

6 D'oibrigh gach duine go dian agus ag deireadh na bliana bhuaigh An Baile Rua duais don mbaile beag **is mó feabha**s. Bronnadh seic dhá mhíle euro go leith agus corn ar mhuintir an bhaile. *Nach iad a bhí bródúil astu féin!*

Foclóir
bruscar: rubbish/refuse
bheartaigh siad: they decided
cruinniú: meeting
an timpeallacht: the environment
glantachán: clean-up
d'eagraigh siad: they organised
na seanóirí: the old folk
Pobal ar Aire: Neighbourhood Watch
cóiriú bláthanna: flower arranging
ríomhaireacht: computer studies
is mó feabhas: most improved

Ceisteanna úsáideacha

1. Cá raibh Áine agus Nuala?
2. Cén chaoi a raibh (Conas a bhí) an tsráid?
3. Céard a bheartaigh na cailíní?
4. Céard a bhí ag pobal An Bhaile Rua?
5. Céard a thuig na daoine?
6. Céard a bheartaigh na daoine?
7. Céard a bhí le cur ar bun acu?
8. Cathain a chuaigh na daoine amach?
9. Céard a rinne siad?
10. Céard a thuig siad?
11. Cé leo ar chabhraigh siad?
12. Céard a rinne na Gardaí?
13. Céard a bhí acu san oíche?
14. Luaigh rud amháin a d'fhoghlaim na daoine sna ranganna oíche.
15. Luaigh rud eile a d'fhoghlaim na daoine sna ranganna sin.
16. Cén chaoi ar oibrigh (Conas a d'oibrigh) gach duine?
17. Cathain a buadh an duais?
18. Cén duais é sin?
19. Cé mhéid a bhí sa seic?
20. Céard eile a bronnadh ar mhuintir an bhaile?

Cleachtaí

(a) (i) Foghlaim an foclóir cuí.
(ii) Téigh siar ar na foirmeacha ceisteacha.
(iii) Cleachtaigh: Sa chéad phictiúr, I bpictiúr a haon, 7rl.
(iv) Obair bheirte: Cuir na ceisteanna ar an dalta in aice leat.

(b) Scríobh litir chuig cara leat (leathleathanach nó mar sin) ag cur síos ar na heachtraí a tharla sa tsraith pictiúr.